# CLÁR NA nÁBHAR

AN BORD STIÚRTHÓIRÍ

BS10

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

AP20

| | |
|---|---|
| STIÚRTHÓIRÍ AGUS EOLAS EILE | 07 |
| AN BORD STIÚRTHÓIRÍ | 10 |
| RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH | 14 |
| ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH | 20 |
| TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ | 26 |
| TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA | 32 |
| BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA | 33 |
| AN CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS | 36 |
| AN RÁITEAS AR IOMLÁN NA nGNÓTHACHAN AGUS NA gCAILLTEANAS AITHEANTA | 37 |
| AN CLÁR COMHARDAITHE | 38 |
| AN RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID THIRIM | 39 |
| NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 40 |
| STAITISTICÍ FAOIN gCALAFORT | 62 |

# PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AIRGEADAIS

| | 2014 €'000 | 2013 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | 72,089 | 68,375 |
| | | |
| Brabús Oibriúcháin | 33,720 | 32,818 |
| Corrlach Oibriúcháin (%) | 46.8% | 48.0% |
| | | |
| **TRÚCDA** | 43,557 | 41,497 |
| **TRÚC** | 35,465 | 32,818 |
| | | |
| **Glanmhuirir Úis** | 652 | 446 |
| **Clúdach Úis** | | |
| - Bonn TRÚCDA (uaireanta) | 66.8 | 93.0 |
| - Bonn TRÚC (uaireanta) | 54.4 | 73.6 |
| | | |
| **Airgead Tirim Glan / (Fiachas) Glan** | 16,887 | (290) |
| Airgead Tirim Glan / (Fiachas) Glan mar chéatadán d'iomlán an chaipiteal gnáthscaireanna (%) | 6.3% | (0.1%) |
| Airgead Tirim Glan / (Fiachas) Glan mar chéatadán de shócmhainní seasta (%) | 5.9% | (0.1%) |
| | | |
| **Fáltas as Caipiteal a Úsáideach (RCÚ/ROCE) (%)** | 11.5% | 11.3% |

TRÚC - tuilleamh roimh chostais airgeadais agus cháin
TRÚCDA - tuilleamh roimh chostais airgeadais, cháin, dhímheas, amúchadh, mhíreanna eisceachtúla agus chostais neamheisceachtúla iomarcaíochta
Clúdach úis - cóimheas TRÚCDA nó TRÚC le glanmhuirir úis
RCÚ - cóimheas an bhrabús oibriúcháin leis an gcaipiteal meánach úsáidte

| | 2014 €'000 | 2013 €'000 |
|---|---|---|
| **TRÚC** | **35,465** | **32,818** |
| Dímheas | 10,113 | 8,365 |
| Amúchadh | -491 | -501 |
| Míreanna Eisceachtúla | -1,745 | 815 |
| Costais Neamheisceachtúla iomarcaíochta | 215 | - |
| **TRÚCDA** | **43,557** | **41,497** |

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



BHÍ FÁS 3% AR AN MÉID ÁBHAIR A CUIREADH TRÍD AN gCALAFORT IN 2013, AGUS BHÍ FÁS 7% EILE ANN IN 2014, GO 30.8M TONNA. FÁGANN SÉ SIN GO BHFUIL BUAICMHÉID 2007, 30.9M TONNA, CHÓIR A BHEITH BAINTE AMACH AN ATHUAIR AG AN gCALAFORT.

## INTREOIR

Tá lúcháir orm a chur in iúl go raibh bliain an-rathúil arís ag Comhlacht Chalafort Átha Cliath in 2014. Bhí fás 3% ar an méid ábhair a cuireadh tríd an gCalafort in 2013, agus bhí fás 7% eile ann in 2014, go 30.8m tonna. Fágann sé sin go bhfuil buaicmhéid 2007, 30.9m tonna, chóir a bheith bainte amach an athuair ag an gCalafort.

Tháinig fás ar ábhar iompórtála agus ar ábhar easpórtála araon in 2014. Bhí fás 6.3% ar ábhar impórtála ó 17.3m tonna go 18.4m tonna, agus mhéadaigh ábhar easpórtála 8.0% ó 11.6m tonna go 12.5m tonna. Bhí fás láidir freisin san earnáil aonadaithe: bhí 2m tonna níos mó ann in 2014, méadú 9.2% ar thrádáil róró agus méadú 6.5% ar thrádáil lóló. Bhí an méid a cuireadh tríd an earnáil neamhaonadaithe beagán níos airde, 0.2%, mar thoradh ar mhéadú 3.6% ar thrádáil bulcleachtanna fritháirithe toisc laghdú 5.6% ar thrádáil bulcsholad.

Mar gheall ar an bhfás ar an méid a cuireadh tríd an gCalafort, bhí feidhmíocht airgeadais láidir arís in 2014.

- Mhéadaigh láimhdeachas 5.4% ó €68.4m go €72.1m
- Mhéadaigh an Brabús Oibriúcháin 2.75% ó €32.8m go €33.7m
- Mhéadaigh Tuilleamh roimh Ús, Cháin, Dhímheas agus Amúchadh, arna choigeartú le haghaidh míreanna aonuaire, TRÚCDA 5.0% ó €41.5m go €43.6m
- Bhí Mír Eisceachtúil ar fiú €1.7m í ann nuair a dhíolamar ár leas sa chomhfhiontar, Renore Teo.
- Mhéadaigh an Brabús don Bhliain Airgeadais 11.2% ó €26m go €28.9m

## CONCLÚID

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord as an obair go léir atá déanta acu le bliain anuas.

I mí Iúil 2014, ceapadh Geoff Darling ar an mBord in áit Jamie Frater a d'éirigh as i mí Eanáir 2014 le díriú ar a cheapachán nua mar Bhainisteoir Acmhainní i gCríochfort Coimeádán Londan in Tilbury. Ba mhaith liom bhuíochas ó chroí a ghabháil le Jamie as an obair luachmhar a rinne sé sa tréimhse dhá bhliain a raibh sé linn, agus guím gach ráth air ina ról nua dúshlánach.

Tá taithí leathan ag Geoff ar an tionscal loingseoireachta mar bhainisteoir, mar stiúrthóir cuideachtaí agus mar mháistirmhairnéalach. Tá mé ag dúil lena bheith ag obair leis sna blianta atá romhainn.

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl don Phríomhfheidhmeannach, Éamonn O'Reilly, don fhoireann bainistíochta agus don fhoireann go léir i gComhlacht Chalafort Átha Cliath as an obair atá déanta acu le bliain anuas. Tá mé muiníneach go mbeidh torthaí le baint as an obair atá déanta le Tionscadal Athfhorbartha Bháisín Alexander a thabhairt chomh fada le céim na pleánála agus go gcinnteofar go leanfaidh Comhlacht Chalafort Átha Cliath ar aghaidh de bheith ag cur bonneagar den scoth ar fáil a fhreastalóidh ar an eacnamaíocht trádála amach anseo.

Gabhaim buíochas leis an Aire agus leis an bhfoireann sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt as a bheith ag obair go gníomhach linn. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt go háirithe don Aire Varadkar as an tacaíocht láidir a thug sé dúinn, agus guím gach ráth air ina phost nua. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Aire Donohoe as an aistriú réidh a bhí ann nuair a ceapadh é mar Aire Iompair. Tá mé ag dúil go mór lena bheith ag cur leis an dea-chaidreamh oibre atá againn lena oifig.

Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas mór lenár gcustaiméirí as leanúint ar aghaidh i mbun gnó linn agus lenár bpáirtithe leasmhara go léir agus as an gcuidiú agus as an tacaíocht atá tugtha acu dúinn le bliain anuas.

**Lucy McCaffrey**
An Cathaoirleach

26 Márta 2015



# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMH-FHEIDHMEANNAIGH

BHÍ AN GHNÉ THURASÓIREACHTA DÁR nGNÓ LÁIDIR FREISIN: THÁINIG MÉADÚ 6.4% AR LÍON NA bPAISINÉIRÍ FARANTÓIREACHTA GO 1.7M, AGUS BHÍ MÉADÚ 7.9% AR LÍON NA BHFEITHICLÍ TURASÓIREACHTA GO 0.5M.

### ATHBHREITHNIÚ TRÁDÁLA CHALAFORT ÁTHA CLIATH

Ba bhliain mhaith í 2014 óir tháinig fás 7% ar ár n-olltonnáiste.

Faoi dheireadh na bliana, bhí 30.8m tonna d'ábhar curtha tríd an gCalafort, chóir a bheith an méid céanna le 2007, an bhliain is fearr a bhí againn. Bhí fás láidir ar ábhar iompórtála agus ar ábhar easpórtála araon, rud a bhí de réir fheidhmíocht dhearfach geilleagar na tíre trí chéile le linn na bliana.

| '000 olltonna | 2014 | 2013 | % athraithe |
|---|---|---|---|
| Ábhar iompórtála | 18,358 | 17,271 | 6.3% |
| Ábhar iompórtála | 12,491 | 11,569 | 8.0% |
| **Iomlán** | **30,849** | **28,840** | **7.0%** |

De ghnáth, bíonn fás ar an méid a chuirtear tríd an gCalafort ceangailte le fás ar olltáirgeacht intíre (OTI / GDP); is amhlaidh a bhíonn an méid a chuirtear tríd 1.4 oiread níos mó ná OTI de ghnáth. Go dtí seo, tá an chuma ar an scéal gur fhás OTI 5% in 2014, rud a chiallaíonn go bhfuil an ceangal idir an dá rud fós mar an gcéanna.

Tá ár ngnó bunaithe go mór ar na modhanna aonadaithe (róró agus lóló): baineann 82% dár n-olltonnáiste leis an dá mhodh seo le chéile, agus is sna modhanna seo a tháinig an fás is mó. Mhéadaigh an comhthonnáiste aonadaithe 8.6% in 2014.

Maidir leis na modhanna níos lú, mar atá bulc, (bulcleacht, bulcsholad agus briseadh builc), is beag an fás a bhí ann, 0.2% go díreach.

| '000 olltonna | 2014 | 2013 | % athraithe |
|---|---|---|---|
| Róró | 19,796 | 18,133 | 9.2% |
| Lóló | 5,507 | 5,172 | 6.5% |
| | | | |
| Bulcleacht | 3,624 | 3,498 | 3.6% |
| Bulcsholad | 1,885 | 1,998 | -5.6% |
| Briseadh builc | 37 | 39 | -3.9% |
| **Iomlán** | **30,849** | **28,840** | **7.0%** |
| *Aonadaithe* | 25,303 | 23,305 | 8.6% |
| *Neamhaonadaithe* | 5,546 | 5,535 | 0.2% |

Mhéadaigh aonaid róró don bhliain 7.9% go 821,876 aonad róró, agus bhí méadú 9.4% ar aonaid TEU lóló go 565,698 TEU.

Maidir leis na modhanna neamhaonadaithe, tháinig méadú 3.6% ar Bhulcleacht (chóir a bheith gach táirge peitriliam) go 3.6m tonna.

Tháinig laghdú 5.0% ar Bhulcsholad go 1.9m tonna go príomha mar gheall ar iompórtáil bia ainmhithe a bheith lag.

Táscaire eile den gheilleagar feabhsaithe sa bhaile is ea an méid mór Feithiclí Trádála a cuireadh tríd an gCalafort in 2014: 81,169 acu, méadú 33.3% le hais 2013.

Bhí an ghné thurasóireachta dár ngnó láidir freisin: tháinig méadú 6.4% ar líon na bpaisinéirí farantóireachta go 1.7m, agus bhí méadú 7.9% ar líon na bhfeithiclí turasóireachta go 0.5m. Tá an fás seo bunaithe ar an infheistíocht atá déanta ag ár bpríomhchustaiméirí i longa breise agus i seirbhísí nua.

Bhí gné na long cúrsála turasóireachta dár ngnó fós láidir in 2014: tháinig 86 Soitheach Cúrsála isteach sa chalafort, 140,000 paisinéir agus lucht criú á dtabhairt leo chuig an gcathair. Cé go raibh laghdú 14.0% ar líon na gcuairteanna ó shoithigh chúrsála le hais 2013, bhí meánmhéid na long a tháinig ar cuairt níos mó; bhí laghdú 7.6% ar an líon cuairteoirí. Táimid ag súil go mbeidh longa cúrsála níos mó ag teacht sna blianta atá romhainn.

## COMHTHÉACS 2014

Is é 2007 an príomh-thagarmharc dár ngnó. Ba í an bhliain b'fhearr againn í; láimhseálamar 30.9m olltonna.

Nuair a chuirimid 2014 i gcomparáid le 2007, dealraíonn sé gur féidir an méid a chuirtear tríd an gCalafort a mhéadú de réir mar atá feabhas ag teacht ar an ngeilleagar.

Tá an t-olltonnáiste iompórtála 8.2% níos lú ná mar a bhí in 2007; tá líon na n-aonad TEU lóló beagnach aon cheathrú níos lú ná mar a bhí; tá comhiomlán na dtráchtearraí builc go maith ar cúl (17.1%), agus tá an líon feithiclí trádála dhá thrian níos lú ná an buaicmhéid.

| | | 2014 | 2007 | % athraithe |
|---|---|---|---|---|
| **Tonnáiste foriomlán** | | | | |
| Ábhar iompórtála | Olltonnaí | 18.4m | 20.0m | -8.2% |
| Ábhar easpórtála | Olltonnaí | 12.5m | 11.0m | 14.1% |
| Iomlán | Olltonnaí | 30.8m | 30.9m | -0.3% |
| **Lastas aonadaithe** | | | | |
| Róró | Aonaid | 821,876 | 732,972 | 12.1% |
| Lóló | TEU-anna | 565,698 | 743,997 | -24.0% |
| **Tráchtearraí builc** | | | | |
| Bulcleacht | Olltonnaí | 3.6m | 4.1m | -11.3% |
| Bulcsholad | Olltonnaí | 1.9m | 2.5m | -24.4% |
| Briseadh builc | Olltonnaí | 0.0m | 0.1m | -65.5% |
| **Iompórtáil feithiclí trádála** | | | | |
| Feithiclí trádála | Líon | 81,169 | 141,181 | -42.5% |
| **Turasóireacht fharantóireachta** | | | | |
| Paisinéirí | Líon | 1,710,275 | 1,320,369 | 29.5% |
| Feithiclí turasóireachta | Líon | 462,215 | 355,009 | 30.2% |
| **Turasóireacht chúrsála** | | | | |
| Cuairteanna ó shoithí cúrsála | Líon | 86 | 63 | 36.5% |
| Paisinéirí agus lucht criú | Líon | 140,579 | 87,783 | 60.1% |

# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMH-FHEIDHMEANNAIGH

## AR LEAN

Agus iarracht á déanamh an méid céanna le 2007 a bhaint amach, tá fás an ghnó ag tarlú mar gheall ar an modh róró amháin; tá fás 12.1% tagtha ar na méideanna róró.

I ndiaidh na méideanna lastais, tá ár ngnó turasóireacht go maith chun cinn ó thaobh cuairteanna ó bháid farantóireachta agus ó shoithí cúrsála araon. Tá líon na bpaisinéirí, 1.9m, cóngarach go leor do líon na bpaisinéirí sa dara aerfort is mó sa tír.

### FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS IN 2014

Is soláthróir bonneagair é Comhlacht Chalafort Átha Cliath agus is beag, go coibhneasta, a dhéanaimid ó thaobh gníomhaíochtaí oibriúcháin. Tá giaráil ard oibriúcháin againn, mar sin, agus táimid ag tnúth le hathrú teacht ar ioncam agus ar bhrabús go díreach mar gheall ar an bhfás ar mhéideanna.

Le linn 2014, bhí méadú 7.0% ar an méid a cuireadh tríd an gCalafort, rud a mhéadaigh ár n-ioncam 5.4% go €72.1m.

Mhéadaigh Costais Oibriúcháin don bhliain 7.9% go príomha mar thoradh ar dhímheas luathaithe i dtaca le sócmhainní nach dócha go mbeidh fáltas le baint ag an gcomhlacht astu sa todhchaí. Sa chomhthéacs seo, d’fhás an Brabús Oibriúcháin 2.7% go €33.7m.

D’ardaigh ár mBrabús roimh Cháin 9.8% go €33.1m.

| €’000 | 2014 | 2013 | % athraithe |
|---|---|---|---|
| Láimhdeachas | 72,089 | 68,375 | 5.4% |
| TRÚCDA | 43,557 | 41,497 | 5.0% |
| Brabús Oibriúcháin | 33,720 | 32,818 | 2.7% |
| Mír Eisceachtúil | 1,745 | - | 100.0% |
| Brabús roimh Cháin | 33,083 | 30,139 | 9.8% |
| Brabús i ndiaidh Cánach | 28,904 | 26,000 | 11.2% |

Mar sholáthróir bonneagair a mbíonn caiteachas ard caipitiúil le déanamh aige gan mhoill, tá giniúint airgid thirim, fáltas ó chaipiteal agus fiachas glan mar phríomhthomhais ar láidreacht ár ngnó.

Le linn 2014, mhéadaigh TRÚCDA 5.0% go €43.6m de réir mar atá léirithe thíos.

| €’000 | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| Brabús Oibriúcháin | 33,720 | 32,818 |
| Dímheas | 10,113 | 8,365 |
| Amúchadh | (491) | (501) |
| Míreanna Eisceachtúla Oibriúcháin | - | 815 |
| Costais neamheisceachtúla iomarcaíochta | 215 | - |
| **TRÚCDA** | **43,557** | **41,497** |

Chomh maith leis sin, mhéadaigh ár bhfáltas ó chaipiteal in úsáid ó 11.3% in 2013 go 11.5% in 2014. Ó rinneadh corparáid dínn i 1997, is é €18m an meánchaiteachas caipitiúil bliantúil againn. Bhí ár gcaiteachas caipitiúil sna trí bliana atá imithe tharainn go suntasach níos lú áfach; €9.4m a bhí ann in 2014.

Ag deireadh na bliana, €16.9m an méid glanairgid thirim a bhí againn le hais fiachas glan de €0.3m an bhliain roimhe sin.

| €’000 | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| Iasachtaíochtaí | €35.0m | €35.0m |
| Airgead tirim | €51.9m | €34.7m |
| **Airgead Tirim Glan / (Fiachas Glan)** | **€16.9m** | **(€0.3m)** |

As siocair go bhfuil an leibhéal glanairgid thirim chomh láidir sin agus go bhfuil ceangal docht idir an fás ar an méid a thagann tríd an gCalafort agus TRÚCDA, tá an Comhlacht i riocht maith le hinfheistíochtaí caipitiúla riachtanacha a dhéanamh sa todhchaí. Táimid ag pleanáil faoi choinne infheistíochta caipitiúla ar fiú breis agus €280m í sna cúig bliana atá romhainn.

Mar fhocal scoir, rinneamar de réir ár ngealltanais díbhinn nach lú ná 30% dár mBrabús i ndiaidh Cánach an bhliain roimhe a íoc; in 2014 d’íocamar €8.0m lenár scairshealbhóir.

## IMEACHTAÍ LE LINN NA BLIANA

Tá iarracht déanta againn le blianta beaga anuas dul i ngleic lenár n-infheistíocht i 50% de Renore Limited, úinéir Chalafort an Ghrianfoirt. Sna blianta atá imithe tharainn, tá ár mbun-infheistíocht laghdaithe againn ó €8.8m go €0.8m agus, i gcomhar lenár bpáirtí sa chomhfhiontar seo, tá an comhlacht curtha ar an margadh againn. Tugadh idirbheart i gcrích in 2014 agus fuarthas fáltas glan €2.6m.

Rinneamar athbhreithniú ar ár saincheadúnais, agus i mí Aibreáin 2014 d'fhoilsíomar Beartas Saincheadúnas. Is é an príomhfháth a ndearnamar é sin ná an cuspóir atá inár Máistirphlean úsáid ár dtailte a uasmhéadú faoi choinne ár mbunghnó, mar atá iompórtáil agus easpórtáil lastais trí Chalafort Átha Cliath a éascú. Chuireamar ár bhfreagairt ar athbhreithniú an Údarás Iomaíochta ar earnáil na gcalafort, a foilsíodh i mí na Samhna 2013, sa Bheartas Saincheadúnas. Mar thoradh ar an mbeartas nua seo, d'eisíomar ceadúnas féinláimhsithe do Ecocem Limited in 2014 agus táimid ag dréim le tuilleadh ceadúnas den chineál céanna a eisiúint in 2015. Chomh maith leis sin, táimid ag obair le suímh nach bhfuil in úsáid a fháil ar ais ar mhaithe lenár mbunchuspóirí, agus cheannaíomar an tsaoráid cois cé 1.4 heicteár a bhí ag Odlums.

Mar fhocal scoir, thugamar i gcrích trí thionscadal thábhachtacha chaipitiúla in 2014; is orthusan a caitheadh formhór ár gcaiteachais chaipitiúil don bhliain, €9.4m.

- An tríú céim, arb í an chéim dheiridh í, san Fhorbairt 400,000 TEU in aghaidh na bliana ar Ché Alexandra.
- Tabhairt i gcrích príomhlíonra nua uisce faoi choinne dóiteáin sa Chalafort sa dóigh go mbeidh níos mó uisce ar fáil leis na saoráidí stórála peitriliam sa Chalafort a chosaint agus le forbairtí sa todhchaí a éascú.
- Tabhairt i gcrích sainsaoráid stórála d'fheithiclí trádála, a bhfuil achar 4.4 heicteár ann, mar thacaíocht don ghnó iompórtála feithiclí trádála, gnó a bhfuil teacht aniar mear ann faoi láthair.

## LÉARGAS DO 2015

Tá léargas maith ann do 2015 agus do na blianta ina dhiaidh sin, agus táimid ag súil le fás leanúnach sa bhliain atá romhainn bunaithe ar an bhfeabhas a bhfuiltear ag súil leis ar an ngeilleagar náisiúnta. Is ábhar misnigh é na cinntí atá déanta ag custaiméirí le tamaillín anuas, ina measc long nua níos mó Stena Line (Stena Superfast X) ar an mbealach ó Bhaile Átha Cliath go Holyhead.

Chuireamar iarratas pleanála isteach do Thionscadal Athfhorbartha Bháisín Alexandra chuig an mBord Pleanála ar 6ú Márta 2014 agus bhí éisteacht ó bhéal ann i mí Dheireadh Fómhair 2014; táimid ag fanacht le cinneadh maidir lenár n-iarratas don fhorbairt thábhachtach seo. Beidh leibhéal ár gcaiteachais chaipitiúil le linn na bliana ag brath go mór ar an gcinneadh seo agus ar an uair a dhéanfar é. Táimid ag leanúint ar aghaidh leis an obair le dearadh sonraithe don tionscadal seo a thabhairt i gcrích le deontas €2.4m TEN-T ón AE (ar ráta idirghabhála 50%). Táimid ag cur tús le tionscadail freisin le suímh bhreise a fhorbairt faoi choinne láimhseáil lastais agus forbairt an líonra inmheánach bóithre ionas go mbeidh sé mór go leor sna blianta fada atá romhainn.

**Eamonn O'Reilly**
Príomhfheidhmeannach

26 Márta 2015

# AN CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

| | Nótaí | 2014 €'000 | 2013 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Láimhdeachas** | 2 | 72,089 | 68,375 |
| Costas díolachán | | (26,725) | (22,595) |
| **Brabús Comhlán** | | **45,364** | **45,780** |
| Riarachán agus caiteachas ginearálta | | (11,644) | (12,147) |
| | | 33,720 | 33,633 |
| Míreanna eisceachtúla oibriúcháin | 4 | - | (815) |
| **Brabús Oibriúcháin** | | **33,720** | **32,818** |
| Míreanna eisceachtúla | 5 | 1,745 | - |
| **Brabús as Gnáthghníomhaíochtaí roimh Ús agus Chánachas** | | **35,465** | **32,818** |
| Ús infhaighte | | 490 | 845 |
| Ús iníoctha | 6 | (1,142) | (1,291) |
| Costas eile airgeadais | 32 | (1,730) | (2,233) |
| **Brabús as Gnáthghníomhaíochtaí roimh Chánachas** | 7 | **33,083** | **30,139** |
| Cánachas | 8 | (4,179) | (4,139) |
| **Brabús don Bhliain Airgeadais** | 22 | **28,904** | **26,000** |

D'eascair Láimhdeachas agus an Brabús Oibriúcháin as gníomhaíochtaí leanúnacha amháin.

**THAR CHEANN AN BHOIRD**

**Lucy McCaffrey**
**Eamonn O'Reilly**

**26 Márta 2015**

# AN RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID THIRIM

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

| | Nótaí | 2014 €'000 | 2013 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Réiteach an Bhrabús Oibriúcháin le Glanairgead Isteach ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Brabús Oibriúcháin | | 33,720 | 32,818 |
| Amúchadh deontas caipitiúil | 18 | (491) | (501) |
| Muirir dhímheasa | 10 | 10,113 | 8,365 |
| Brabús as Diúscairt Sócmhainní Inláimhsithe | | - | (17) |
| Díscríobh sócmhainní seasta | 10 | 259 | - |
| Laghdú ar stoic | | 178 | 47 |
| (Méadú)/Laghdú ar fhéichiúnaithe | | (1,858) | 2,011 |
| (Laghdú) ar chreidiúnaithe | | (283) | (1,503) |
| Athrú i dtaca leis an soláthar pinsin | | (6,068) | (5,657) |
| **Glanairgead isteach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **35,570** | **35,563** |
| **Ráiteas ar Shreabhradh Airgid Thirim** | | | |
| Glanairgead isteach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 35,570 | 35,563 |
| Fáltais as infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadaithe | 26 | (600) | (336) |
| Cánachas | | (2,962) | (3,269) |
| Caiteachas Caipitiúil agus infheistíocht airgeadúil | 26 | (9,270) | (12,897) |
| Ábhar ceannaithe agus diúscairtí | 26 | 2,439 | - |
| | | 25,177 | 19,061 |
| Díbhinní a íocadh as Gnáthscaireanna | | (8,000) | (15,000) |
| | | 17,177 | 4,061 |
| Bainistiú acmhainní leachtacha | 27 | (14,665) | (3,322) |
| Airgeadú | 26 | - | - |
| **Méadú ar airgead tirim agus ar luach comhionann airgid thirim** | | **2,512** | **739** |
| **Réiteach Glansreabhadh Airgid Thirim le Gluaiseacht an Ghlanairgid Thirim / (an Fhiachais)** | | | |
| **Méadú ar airgead tirim agus ar luach comhionann airgid thirim i mbliana** | 27 | 2,512 | 739 |
| **Airgead tirim in úsáid le hacmhainní leachtacha a mhéadú** | 27 | 14,665 | 3,322 |
| **Sreabhadh airgid thirim as an Laghdú ar an bhfiachas** | 27 | - | - |
| **Athrú ar ghlanairgead tirim** | | 17,177 | 4,061 |
| **(Glanfhiachas) oscailte** | 27 | (290) | (4,351) |
| **Glanairgead tirim / (glanfhiachas) druidte** | 27 | **16,887** | **(290)** |

# NÓTAÍ

## LEIS AN RÁITIS AIRGEADAIS AR LEAN

### 32. PINSIN (AR LEAN)

**Na Scéimeanna Sochar Sainithe (ar lean)**

*c) Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) "Sochair scoir" (ar lean)*

**Gluaiseacht sócmhainní agus dliteanais scéime**

| | Sócmhainní Pinsin €'000 | Dliteanais Phinsin €'000 | Easnamh Pinsin €'000 |
|---|---|---|---|
| Amhail 31 Nollaig 2013 | 232,639 | (242,702) | (10,063) |
| Costas reatha seirbhíse | - | (1,462) | (1,462) |
| Costas seirbhíse san am a chuaigh thart | - | 1,176 | 1,176 |
| Ús le dliteanais scéime | - | (8,746) | (8,746) |
| Fáltas ionchasach as sócmhainní scéime | 7,016 | - | 7,016 |
| Méid iarbhír lúide fáltas ionchasach as sócmhainní scéime | 20,596 | - | 20,596 |
| Gnóthachan ó thaithí as dliteanais scéime | - | 4,639 | 4,639 |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach as dliteanais scéime | - | (32,135) | (32,135) |
| Ranníocaíochtaí na mball | 361 | (361) | - |
| Sochair íoctha ón scéim | (9,790) | 9,790 | - |
| Ranníocaíochtaí an fhostóra | 6,353 | - | 6,353 |
| **Amhail 31 Nollaig 2014** | 257,175 | (269,801) | (12,626) |

Tá sé i gceist ag an fhostóir ranníocaíocht €6.4 milliún a chur leis na scéimeanna pinsin in 2015.

**Stair na n-oibleagáidí i dtaca le sochair shainithe, sócmhainní agus gnóthachain agus caillteanais ó thaithí don bhliain dar críoch 31 Nollaig:**

| | 2014 €'000 | 2013 €'000 | 2012 €'000 | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Dliteanais | (269,801) | (242,702) | (249,400) | (206,300) | (217,500) |
| Sócmhainní | 257,175 | 232,639 | 244,916 | 214,716 | 211,474 |
| (Easnamh)/Barrachas Glan | (12,626) | (10,063) | (4,484) | 8,416 | (6,026) |
| *Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar shócmhainní scéime:* | | | | | |
| Méid (€m) | 20,596 | (15,074) | 26,437 | (2,511) | 1,514 |
| Céatadán de na sócmhainní scéime | 8% | (6.5%) | 10.8% | (1.2%) | 0.7% |
| *Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar dhliteanais scéime:* | | | | | |
| Méid (€m) | 4,639 | 421 | 1,117 | (8,695) | 4,884 |
| Céatadán de luach reatha na ndliteanas scéime: | 2.0% | 0.2% | 0.4% | (4.0%) | 2.2% |


# STAITISTICÍ FAOIN gCALAFORT
## (GAN INIÚCHADH)


Clúdaíonn na ráitis airgeadais an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 agus tugtar figiúirí comparáideacha don bhliain 2013.


Ar mhaithe le comparáid a dhéanamh, clúdaíonn na staitisticí anseo thíos, atá gan iniúchadh, trádáil Chomhlacht Chalafort Átha Cliath sna blianta féilire 2012 – 2014.


| | 2014 | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| **Soithí – Líon iomlán isteach** | 7,108 | 6,716 | 6,742 |
| **Ábhar a cuireadh tríd an gCalafort ('000 tonna)** | | | |
| Róró | 19,796 | 18,133 | 17,322 |
| Lóló | 5,507 | 5,172 | 5,348 |
| Bulcleachtanna | 3,624 | 3,498 | 3,444 |
| Bulsholaid | 1,885 | 1,998 | 1,814 |
| Bulc briste | 37 | 39 | 59 |
| | **30,849** | **28,840** | **27,987** |
| **Aonaid róró ('000)** | **822** | **762** | **719** |
| **TEU-annn lóló ('000)** | **566** | **517** | **528** |
| **Líon paisinéirí (milliúin)** | **1.7** | **1.6** | **1.6** |










TRÉCHUR IOMLÁN ('000 TONA)
35000
30000
25000
20000
15000
10000
5000
30,849
28,840
27,987
2014
2013
2012



AONAID RÓ-RÓ ('000)
1000
800
600
400
200
822
762
719
2014
2013
2012



TEUANNA LÓ-LÓ ('000)
600
500
400
300
200
100
566
517
528
2014
2013
2012



RÓ-RÓ - TRÉCHUR ('000 TONA)
20000
15000
10000
5000
19,796
18,133
17,322
2014
2013
2012


LÓ-LÓ - TRÉCHUR ('000 TONA)
6000
5000
4000
3000
2000
1000
5,507
5,172
5,348
2014
2013
2012


BULC BRISTE - TRÉCHUR ('000 TONA)
60
50
40
30
20
10
37
39
59
2014
2013
2012


BULCLEACHT - TRÉCHUR ('000 TONA)
4000
3500
3000
2500
2000
1500
1000
500
3,624
3,498
3,444
2014
2013
2012


BULCSHOLAD - TRÉCHUR ('000 TONA)
2000
1500
1000
500
1,885
1,998
1,814
2014
2013
2012


LÍON PAISINÉIRÍ (MILLIÚIN)
2.0
1.5
1.0
0.5
1.7
1.6
1.6
2014
2013
2012

